
# LUATH-ÉIREANNAIGH... san Eolaíocht




## EOLAÍOCHT LUATH-ÉIREANNACH

Téann an Eolaíocht in Éirinn siar chomh fada leis an gClochaois, nuair a d'úsáid luathlonnaitheoirí an réalteolaíocht chun am agus séasúir a rianú. Sampla is ea Brú na Bóinne, Co. na Mí, a tógadh c.3300 RCR. Féilire nádúrtha atá ann – Soilsíonn an ghrian lár an tseomra maidin ghrianstad an gheimhridh.





## EOLAÍ NA CRÍOSTAÍOCHTA

B'é Augustine Hibernicus an chéad eolaí Éireannach, go bhfios dúinn. Scríobh sé an leabhar 'Ar na Rudaí Míorúilteacha sa Scríbhinn Dhiaga' c. 655 AD. Rinneadh cur síos ar dhúlra, plandaí agus ainmhithe na hÉireann, agus rinneadh iarracht míniú eolaíoch a thabhairt ar imeachtaí bíobalta. Tugadh le fios go mb'fhéidir gur gearradh Éire amach ón mór-roinn de bharr creimeadh farraige – coincheap úrnua.

## AN ATHBHEOCHAN


Tháinig borradh faoi iniúchadh eolaíochta in Éirinn i ndiaidh na hAthbheochana (14ú-16ú haois), bhí saineolas ní b'fhearr ar réimsí an mhata agus na heolaíochta. Ón 17ú haois, bhí eolaithe Éireannacha i mbun fionnachtana go domhanda. Bhí ar Éireannaigh imeacht thar sáile leis an ngairm seo, áfach, de bharr cúrsaí creidimh, leithcheala agus easpa áiseanna.






## 17Ú AGUS 18Ú HAOIS


Sa 17ú haois, rinne Robert Boyle, "Athair na Ceimice" as Lios Mór, turgnaimh cheannródaíocha ar airíonna aeir, fuaime agus gáis. San 18ú haois, cheap Francis Beaufort, as an Mhí, scála Beaufort chun fórsa na gaoithe ar farraige a thomhas, idir 0 agus 12, agus tá sé go fóill in úsáid.



## 19Ú HAOIS

In 1846, chuir Robert Mallet páipéar i láthair ar bhúcláil screamh an Domhain, ag leagadh bunchloch na seismeolaíochta nua. Fuair John Tyndall amach an chúis le dath na spéire agus rinne sé taighde ar iarmhairt ceaptha teasa. Dhear John Philip Holland an chéad fhomhuireán ar éirigh leis, a dhíol sé le Cabhlach SAM in 1897.








Neil Armstrong, An Ghealach, Iúil 20, 1969

## 20Ú HAOIS

Chuir Éireannaigh go mór le heolaíocht sa 20ú hAois. Ba é Neil Armstrong an chéad fhear a shiúil ar an ngealach, agus bhí gaolta leis i gCo. Fhear Manach. Rinne an tOllamh Denis O'Sullivan staidéar ar radaíocht an spáis. Cheap James Pantride ACS agus an dífhibrileoir iniompartha.

